



## Anailís Théamach ar *Mise Áine: An Bhean Istigh* le hÁine Durkin

Foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht,  
An Spidéal, 2017.  
ISBN: 978-1-78444-160-9

Marie Whelton,  
Institiúid Oideachais Marino

Whelton, M., 'Anailís Théamach ar *Mise Áine: An Bhean Istigh* (Durkin).' *Feasta*, Samhain, 2018, 11-12.

### Réamhfhocal

Cnuasach de chaoga dán agus trí amhrán is ea *Mise Áine: An Bhean Istigh* le hÁine Durkin. Sa Réamhrá, míníonn an t-údar gur thóg sé nach mór fiche bliain uirthi an cnuasach a chur le chéile, go bhfuil cuid de na dánta bunaithe ar a saoltaithí féin agus gur chum sí na dánta eile tar éis di radharc speisialta a fheiceáil nó tar éis di scéal ar leith a chloisteáil. Tá éagsúlacht shuntasach de théamaí pléite sa chnuasach – An Bás agus Dúshláin na Beatha; An Grá agus An Cairdeas; Cúrsaí Fealsúnacha agus Cúrsaí Spioradálta; Cúrsaí Polaitiúla agus An Próiseas Cruthaitheach – déanfar rangú ar na dánta faoi na téamaí sin anseo agus aireofar cuid de na buanna stíle atá le feiceáil iontu.

### An Bás agus Dúshláin na Beatha

I gcuid de na dánta, léiríonn an file fairsinge a taithí ar an bpróiseas bróin a leanann an bás: in 'Nádúr an Bháis' tugann an file faoi deara go bhfuil sí ar deighilt, mar gheall ar an mbrón, ón ngnáthshaol ina timpeall agus go leanann an saol sin ar aghaidh in ainneoin an bháis (lch 13); ar deighilt ón ngnáthshaol atá an file, freisin, san amhrán 'Is Fada Liom' ach is dorcha an t-amhrán é toisc mian a bheith ag an bhfile a bheith básaithe dála a grá (lch 67); an gol doshrianta a bhaineann leis

an mbrón atá cíortha in ‘Toradh’ (lch 44) agus cuirtear lagbhrí agus loime an bhróin in iúl go héifeachtach le meafar na díthrá in ‘An Trá Fholamh’ – gan a páirtí, deir an cainteoir go bhfuil sí cosúil le muir gan chumhacht agus feamainn nocht (lch 55); tá tocht domhain an bhróin chun tosaigh i ndánta eile, freisin (feic lgh 37, 38, 43, 54).

Is é an glacadh an chéim dheireanach de phróiseas an bhróin, de ghnáth, agus is féidir gurb é an glacadh sin atá i gceist in ‘Síocháin’ áit a dtagraíonn an file don tsíocháin a thagann nuair a fheiceann sí bláthanna oráiste ag fás ar uaigh. Comhartha is ea iad, dar léi, go bhfuil timthriall na beatha ag leanúint ar aghaidh agus go bhfuil deireadh leis an bhfulaingt (lch 58). Tá an glacadh chun tosaigh, freisin, in ‘Cumhacht Dóchais’ (lch 14) agus tá sé le léamh ar shimplíocht na seintiminte in ‘Ár mBuíochas’ – dán a bheadh oiriúnach do chárta buíochais a chuirfí amach tar éis sochraide ina dtugann an file aitheantas don chabhair a thagann ó chomhbhá na gcomharsan agus na gcarad:

Má sheas tú linn  
ó lá go lá  
ár mbuíochas... (lch 28).

Dán cumhachtach is ea ‘Féinbhás’ ina mbuaileann an léitheoir le cainteoir atá ag iarraidh ciall a bhaint as tragóid uafásach - tar éis do dhuine dá daoine muinteartha lámh a chur ina b(h)ás féin, cránn an cainteoir í féin i sraith d’aon cheist déag agus cuireann sí an milleán uirthi féin nach bhfaca sí na comharthaí in am. Is léir gur mhaith léi freagraí a fháil faoi nóiméad an bháis féin agus faoi staid reatha a comhchainteora. Ní fhágann sí aon amhras ar an léitheoir ach go bhfuil sí scriosta í féin ag an mbrón:

‘Bhfuil tú sona suaimhneach anois, a stór?  
‘Bhfuil sólás i mbeatha mhúchta?

Nó bhfuil tú mar a fágadh mise,  
Brónach, briste, brúite? (lch 61).

Mórmhéala an bháis anabái atá pléite in ‘Ógbhás’. Sa dán sin, cuireann an file comparáidí éagsúla os comhair an léitheora agus léiríonn sí go bhfuil an bás anabái ar cheann de na dúshláin is deacra sa saol seo. Dar leis an bhfile, ní scaoiltear as an mbrón a mhothaítear tar éis a leithéid de chailliúint go deo:

Triomaíonn deora na báistí  
fiú má thiteann siad deora ar dheoir,  
ach má sciobtar uait beatha na hóige,  
ní thriomaíonn na deora go deo (lch 27).

Chomh maith le dúshlán an bháis, téann Durkin i ngleic, freisin, le dúshláin eile de chuid na beatha (feic lgh 12, 16, 33, 39, 41, mar shampla). I gcuid de na dánta scrúdaíonn sí dúshláin phearsanta daoine eile. In ‘Ar Meisce,’ mar shampla, cuireann an file ceisteanna maidir le halcólach a bhfuil aithne aici uirthi. Sa chéad véarsa, léiríonn sí tuiscint ar nádúr an alcólachais agus ar an tionchar a bhíonn aige ar an alcólach. Sa dara agus sa tríú véarsa luann sí an tionchar a bhíonn ag an ngalar ar dhaoine eile agus déanann sí comhbhá leo:

Is trua iad na páistí  
a bhfuil deora ina súile,  
a n-óige gan bhláth  
i bhfásach andúile (lch 40).

Dán den chineál céanna is ea ‘Galar Dubhach’. Léiríonn an file tuiscint ar an easpa dóchais a bhaineann leis an ngalar dubhach agus déanann sí comhbhá le tuismitheoirí an chailín a bhfuil an galar sin uirthi:

Cailín na súl donn  
Gan dóchas

Ag breathnú ar thodhchaí  
Gan í (lch 48).

In ainneoin na comhbhá atá léirithe sa dá dhán sin, áfach, eascraíonn ceisteanna eiticiúla faoina chirte agus atá sé gliúcaíocht ón taobh amuigh (sa tríú pearsa), a dhéanamh ar fhulaingt daoine eile.

### **An Grá agus An Cairdeas**

Mórhéamaí eile sa chnuasach is ea iad an grá agus an cairdeas: an grá collaí is ábhar den dán ‘Iothlainn’ (lch 35), mar shampla, agus tiomnaíonn an file ‘Comhradaí’ ‘don Dómhnallach’ – is dán ómóis é sin a dhéanann ceiliúradh fíorálainn ar chara speisialta (lch 20). Mar an gcéanna sna dánta cuimhneacháin ar mhná ar leith atá imithe ar shlí na fírinne, déantar ceiliúradh ar chairdeas an údair leo (feic lch 18, 25, 52). Cuirfidh dánta áirithe véarsaí ó chártaí beannachta i gcuimhne don léitheoir (lch 29, 49) ach is féidir go bhfuil na frásaí a úsáidtear sna dánta sin ró-choitianta agus ró-ghar do chlíseanna uaireanta:

is tú  
mo dhán  
an lán  
i mo stad... (lch 49).

I dtrí dhán éagsúla, féachann an file ar an ngrá a bhíonn ann idir tuismitheoirí agus a bpáistí. Tugann ‘Iníon’ léargas ar an gcuidreamh idir máthair agus iníon – in ainneoin gur déagóir taghdach í an iníon, tuigeann a máthair di:

Is ceapann tú go dteipim ort,  
bhuel, tuigim duit, a chroí,  
ach níl aon lá nár mhéadaigh mo ghrá  
ó tháinig tusa ar an saol (lch 56).

In ‘Buille Croí’ roinneann iníon lúcháireach an dea-scéala lena tuismitheoirí go bhfuil sí geallta. Déanann siad comhghairdeas léi ach tá a fhios ag a hathair go mbeidh áit thánaisteach aige i saol a iníne as sin amach:

’s chonaic athair go raibh cailte  
a thús áite ina saol. (lch 36).

Máthair a labhraíonn lena páiste in ‘Ó Bhreith Go Bás’ agus cuireann sí i gcuimhne don pháiste go raibh sí ann dó / di ag amanna tábhachtacha i rith a s(h)aoil. Tá a fhios aici, áfach, go dtiocfaidh an lá nuair a bheidh ar an bpáiste aire a thabhairt di. Is léargas fáinneach é an dán ar an ngean a bhíonn ag an máthair dá páiste agus ar an tslí dhosheachanta a gcasann rotha móra an tsaol (lch 51).

### **Cúrsaí Fealsúnacha agus Cúrsaí Spioradálta**

D’fhéadfaí filíocht fhealsúnach a thabhairt ar chuid de na dánta. Foinsí inspioráide do chuid de na dánta sin is ea iad na haincheisteanna nach bhfuil freagraí cinnte ag an gcine daonna orthu. Sa dán ‘An Tús,’ mar shampla, cuireann an file paradacsaí éagsúla os comhair an léitheora chun ceisteanna faoi thús agus faoi dheireadh na beatha a thaiscéaladh:

Ach má thagann an deireadh  
théis an tús [*sic*] i ngach dráma,  
cén sórt deiridh a tháinig  
roimh *An Tús* i dtús ama?  
(lch 17, feic samplaí eile ar lgh 23, 42, 30).

Filíocht aireach (*mindful*) is ea cuid den fhilíocht fhealsúnach. In ‘Fuinneog Oscailte,’ díríonn an file a haire ar na fuaimeanna éagsúla atá le cloisteáil ó fhuinneog atá ar oscailt. Éisteacht mheabhrach atá ar siúl aici agus i measc na bhfuaimeanna a dtugann sí faoi deara tá fuaimeanna an nádúir, guthanna daonna agus glór innealra (lch 24). Is iad na fuaimeanna a

scrúdaítear, freisin, in ‘Mochóir.’ Sa dán sin, buailimid leis an gcainteoir agus í ag éisteacht go cúramach óna leaba le duine a éiríonn go moch ar maidin (lch 45). Sa dá dhán, éiríonn leis an bhfile an léitheoir a thabhairt isteach i nóiméad ama ar leith agus gabhann sí an nóiméad sin ar phár.

Tá trí dhán spraiúla ag Durkin ina dtugann an file spléachadh éadrom fealsúnach ar eachtraí agus ar ócáidí ar leith ina saol: is iad an spioradáltacht shimplí agus an lúcháir atá chun tosaigh san amhrán bríomhar ‘Féile na Nollag’ (lch 71); in ‘Cuaríteoirí’ dathaíonn an t-údar pictiúr den phróiseas a raibh uirthi dul tríd chun fáil réidh le míolta gruaige a bhí ag cur fúthu ar a ceann! (lch 15); dán éadrom eile is ea ‘Corp na Leathchoise’ ina gcuireann an file síos ar na dúshláin go léir a bhí le sárú aici nuair a bhris sí a cos agus ar an léargas nua spioradálta a thug an fhulaingt di ar áilleacht an tsaoil:

...ach tuigim go maith go raibh fáth le mo thriail,  
athoscailt mo shúl ar áilleacht an tsaoil (lch 63).

### **Cúrsaí Polaitiúla**

Seánra eile a chleachtann Áine Durkin is ea seánra na haoire. Go minic is í an chodarsnacht dhénártha idir an mhaitheas agus an t-olc a thagann chun cinn sna haortha sin ina dtéann an t-údar i ngleic le téamaí polaitiúla éagsúla: in ‘Éire 2011,’ mar shampla, cáineann sí ‘lucht eaglaise is rialtais’ as a bheith éagórach agus as fuarchúis a léiriú i leith stair na hÉireann. Ní leasc léi scaoileadh lena racht feirge ná caint fhonóideach a úsáid agus tugann sí ‘Oileán na Sainte is na mBréag’ ar an tír (lch 19, feic lgh 32, 47, 53, 57 d’aortha eile).

### **An Próiseas Cruthaitheach**

Ábhar eile a chíorann Durkin ná an próiseas cruthaitheach féin. In ‘Scríbhneoir’ labhraíonn sí faoi scríobh na filíochta agus faoin tslí a léimeann na focail ‘ó cheann go peann’ (lch 11); tá an dán, ‘Stoirm,’ níos diúltaí agus luann sí go mbíonn uirthi dul chun

spairne leis an ‘gcomhrac smaointe’ (lch 31) a bhíonn ar siúl istigh ina hintinn féin. Is ar na dúshláin agus na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag an ealaíontóir a bhreathnaíonn ‘Ealaíontóir’, freisin, agus aithníonn an file go ndéanann an t-ealaíontóir go leor íobairtí pearsanta chun ‘scaoileadh le smaoinreamh’ (lch 34).

Is é caidreamh an fhile lena hoidhreacht liteartha féin atá pléite sa dán ‘Feallaire.’ Tá lagmhisneach agus coimpléasc ísleachta áirithe le léamh ar an dán ina iomláine – cuireann sí a cuid iarrachtaí fileata féin i gcomparáid le saothar mháistrí na Gaeilge agus déanann sí beag is fiú dá hiarrachtaí féin:

Tá siollaí measctha ar chuile líne,  
níl Amus ag obair, tá gutaí gan síneadh.  
Ógláchas cinnte, gan réasún gan slacht,  
Dán nach bhfuil Díreach ón bhfile gan smacht (lch 26).

### **Conclúid**

Dhírigh an anailís thuas ar an ionramháil a rinne Áine Durkin ina cuid dánta ar chúig théama éagsúla. Ba léir go raibh an-éagsúlacht san ionramháil sin agus gur léirigh an file tuiscint dhomhain agus taithí fhairsing ar bhuntéamaí uilíocha idir bhás, ghrá, spioradáltacht agus pholaitíocht. Chonaiceamar, mar shampla, a chruinne agus a chruthaigh sí an caidreamh idir tuismitheoirí agus a bpáistí agus an dáimh a léirigh sí le cairde ar leith. Ceann dá mórbhuanna scríbhneoireachta i gcoitinne is ea an tslí a n-éiríonn léi guth a thabhairt do mhothúcháin dhoimhne an bhróin agus an ghrá. Is fearr iad na dánta a chumann sí sa chéad phearsa ar na hábhair sin ná na dánta ina bhféachann, sí sa tríú pearsa, ar fhulaingt daoine eile. É sin ráite, agus in ainneoin go labhraíonn Durkin go humhal i ndán amháin faoina cumas scríbhneoireachta féin, léiríonn na dánta ina céad chnuasach go bhfuil mianach inti mar fhile. Ní haon ionadh é gur bhuaigh an bailiúchán seo uaithe an chéad duais i

gComórtas na Scríbhneoirí Úra ag Comórtas Liteartha an Oireachtais, sa bhliain 2017.